RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/724 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Márta 2023

lena nglactar le hiarraidh ar stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua i ndáil leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"),

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ([2]), agus go háirithe Airteagal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas,

A. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

(1) An 13 Bealtaine 2013, trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 412/2013 ón gComhairle ("an Rialachán bunaidh") ([3]), d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine a thagann isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an táirge lena mbaineann").

(2) An 12 Iúil 2019, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de ("an bun-Rialachán"), chuir an Coimisiún síneadh cúig bliana eile le bearta an Rialacháin bunaidh trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198.

(3) An 28 Samhain 2019, tar éis imscrúdú frith-imchéimniúcháin de bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2131 ([4]).

(4) Cuireadh sampláil i bhfeidhm san imscrúdú bunaidh chun táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne ("an tSín") a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

(5) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne, d'fhorchuir an Coimisiún dleachtrátaí frithdhumpála aonair idir 13,1 % agus 23,4 % ar allmhairí an táirge lena mbaineann. Forchuireadh dleachtráta 17,9 % ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla, liostaítear iad in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198, arna ionadú ag Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2131. Thairis sin, forchuireadh dleachtráta 36,1 % ar bhonn náisiúnta ar an táirge lena mbaineann ó chuideachtaí sa tSín nár chuir iad féin in iúl ná nár chomhoibrigh leis an imscrúdú.

(6) De bhun Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ón gCoimisiún, is féidir Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú tríd an dleachtráta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla a dheonú do tháirgeoir onnmhairiúcháin nua, is é sin an meánráta dleachta ualaithe 17,9 %, i gcás inar leor an fhianaise a thugann an táirgeoir onnmhairiúcháin nua sin sa tSín don Choimisiún maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar a mbunaítear na bearta, is é sin ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2011 ("an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh");

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 189, 15.7.2019, lch. 8.
([3]) IO L 131, 15.5.2013, lch. 1.
([4]) IO L 321, 12.12.2019, lch. 139.

(b) nach bhfuil gaol aige le haon cheann de na honnmhaireoirí ná de na táirgeoirí sa tSín atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur leis an Rialachán bunaidh a chomhoibrigh nó a d'fhéadfadh comhoibriú leis an imscrúdú bunaidh; agus

(c) go ndearna sé an táirge i gceist a onnmhairiú iarbhír chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air cainníocht shuntasach a onnmhairiú chuig an Aontas.

B. **IARRAIDH AR STÁDAS TÁIRGEORA ONNMHAIRIÚCHÁIN NUA**

(7) An 17 Nollaig 2021, chuir an chuideachta Fujian Dehua Longnan Ceramics Co., Ltd ("an t-iarratasóir") iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin go ndeonófaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua ("NEPT") dó agus, dá bhrí sin, go mbeadh sé faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha sa tSín nár áiríodh sa sampla, is é sin 17,9 %. Mhaígh an t-iarratasóir gur chomhlíon sé na trí choinníoll a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ("coinníollacha NEPT").

(8) Chun a chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha chun go ndeonófaí NEPT dó, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198, chuir an Coimisiún ceistneoir ar dtús chuig an iarratasóir inar iarradh fianaise a léiríonn gur chomhlíon sé coinníollacha NEPT.

(9) Tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfreagra ar an gceistneoir, d'iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise agus fianaise tacaíochta, rud a chuir an t-iarratasóir faoina bhráid.

(10) D'fhéach an Coimisiún le gach faisnéis a mheas sé a raibh gá léi a dheimhniú lena chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir coinníollacha NEPT. Chuige sin, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir isteach agus cheadaigh sé bunachair sonraí éagsúla ar líne lena n-áirítear Orbis ([5]) agus Qichacha ([6]). I gcomhthráth, chuir an Coimisiún tionscal an Aontais ar an eolas faoin iarraidh ón iarratasóir agus d'iarr sé air barúlacha a thabhairt, i gcás inar ghá. Chuir tionscal an Aontais barúlacha isteach maidir le comhlíontacht an iarratasóra leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198.

C. **ANAILÍS AR AN IARRAIDH**

(11) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198, is é sin nár onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, léirigh an t-iarratasóir nár onnmhairigh sé chuig an Aontas le linn na tréimhse sin. Bunaíodh Fujian Dehua Longnan Ceramics Co., Ltd in 1999 agus thosaigh sé ar tháirgí poircealláin nua-aimseartha a onnmhairiú in 2006, mar shampla, earraí ceirmeacha, ach níor onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann. Níor léirigh a mhórleabhar díolachán don tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh, a cinneadh go raibh sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais a cuireadh ar fáil, aon taifead ar idirbhearta onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann chuig an Aontas. Fíoraíodh na hidirbhearta onnmhairiúcháin uile a rinneadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh agus níor thángthas ar aon fhaisnéis a léirigh go bhféadfadh sé go raibh an táirge lena mbaineann á onnmhairiú chuig an Aontas. I measc na n-idirbheart sin, bhí ceann amháin maidir leis an táirge lena mbaineann, nach raibh ceaptha don Aontas áfach, agus rinneadh ceithre idirbheart leis an nGearmáin, leis an bhFrainc agus leis an bhFionlainn, ach níor bhain siad sin leis an táirge lena mbaineann. Mhaígh tionscal an Aontais, de réir a shuíomh gréasáin agus dháta an cheadúnais onnmhairiúcháin, go raibh baint ag an iarratasóir le gníomhaíochtaí onnmhairiúcháin earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird ó bunaíodh na cuideachta. Ina theannta sin, rinne an t-iarratasóir iarratas in 2006 a thrádmharc a chlárú, trádmharc ina bhfuil traslitriú an ainm Shínigh. Mar sin féin, níor chuir tionscal an Aontais aon fhianaise ar fáil a léirigh nach raibh an t-iarratasóir i gcomhréir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán (AE) 2019/1198. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198.

([5]) Is soláthraí domhanda sonraí faisnéise corparáidí é Orbis agus cumhdaíonn sé níos mó ná 220 milliún cuideachta ar fud an domhain. Soláthraíonn sé faisnéis chaighdeánaithe faoi chuideachtaí príobháideacha agus faoi struchtúir chorparáideacha go príomha.

([6]) Is bunachar sonraí príobháideach brabúsach atá faoi úinéireacht na Síne é Qichacha a sholáthraíonn sonraí gnó, faisnéis chreidmheasa, agus anailísíocht do thomhaltóirí nó do ghairmithe maidir le cuideachtaí príobháideacha agus cuideachtaí poiblí atá lonnaithe sa tSín.

(12) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 nach bhfuil an t-iarratasóir comhlachaithe le haon onnmhaireoir ná táirgeoir atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ar onnmhaireoir nó táirgeoir a chomhoibrigh nó a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh, léirigh an t-iarratasóir nach raibh sé comhlachaithe le haon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha atá faoi réir na mbeart frithdhumpála. Tá beirt scairshealbhóirí ag an iarratasóir, a bhfuil 80 % agus 20 % acu faoi seach. De réir an bhunachair sonraí Qichacha, bhí scaireanna ag scairshealbhóirí an iarratasóra i roinnt cuideachtaí eile, cuideachtaí nach raibh gaol acu leis an táirge lena mbaineann agus bhí siad díchláraithe cheana féin. Níor dhíol Fujian Dehua Longdong Ceramics Co., Ltd, cuideachta ghaolmhar an iarratasóra a bunaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh leis na scairshealbhóirí céanna, ach táirgí ar an margadh intíre. De réir ráitis CBL na cuideachta gaolmhaire a cuireadh ar fáil, ní dhearnadh aon díolachán onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll sin.

(13) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198, gur onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge iarbhír chuig an Aontas tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air cainníocht shuntasach a onnmhairiú chuig an Aontas, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdaithe gur onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas in 2020, is é sin tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Chuir an t-iarratasóir sonrasc isteach, mar aon le hordú ceannacháin, doiciméid imréitigh custaim, bille luchta agus admháil íocaíochta ar ordú a rinne cuideachta sa Spáinn in 2019. Ina theannta sin, de réir an mhórleabhair díolachán a réitíodh leis na ráitis airgeadais, in 2020 seoladh lastais eile an táirge lena mbaineann chuig an Aontas. Dá bhrí sin, chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll sin.

(14) Dá réir sin, comhlíonann an t-iarratasóir gach ceann de na trí choinníoll chun go ndeonófar NEPT dó, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 agus ba cheart, dá bhrí sin, glacadh leis an iarraidh. Dá réir sin, ba cheart an t-iarratasóir a bheith faoi réir dleacht frithdhumpála 17,9 % le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla le linn an imscrúdaithe bunaidh.

D. **NOCHTADH**

(15) Cuireadh an t-iarratasóir agus tionscal an Aontais ar an eolas faoi na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn a measadh gurbh iomchuí an dleachtráta frithdhumpála is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh i sampla an imscrúdaithe bunaidh a dheonú do Fujian Dehua Longnan Ceramics Co., Ltd.

(16) Tugadh an deis do na páirtithe barúlacha a chur isteach agus thug tionscal an Aontais barúlacha.

(17) Tar éis an nochta, mhaígh tionscal an Aontais gur chláraigh Fujian Dehua Longdong Ceramics Co., Ltd, cuideachta ghaolmhar an iarratasóra, ionadaí le haghaidh gníomhaíochtaí allmhairiúcháin-onnmhairiúcháin ag oifig custaim Quanzhou an 18 Samhain 2013. Dá bhrí sin, d'áitigh tionscal an Aontais gur bhain an chuideachta ghaolmhar díolacháin onnmhairiúcháin amach.

(18) Thug an Coimisiún dá aire go dtagann dáta cláraithe ionadaí Fujian Dehua Longdong Ceramics Co., Ltd (18 Samhain 2013) tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2011. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (12), ar bhonn na ráiteas CBL a cuireadh ar fáil don tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh, shuigh an Coimisiún nár onnmhairigh Fujian Dehua Longdong Ceramics Co., Ltd an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Níor tíolacadh aon fhianaise a tháinig salach ar an toradh sin ná níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise a tháinig salach air. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chomhlíon an tIarratasóir an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(b) de Rialachán (AE) 2019/1198 agus diúltaíodh don mhaíomh.

(19) Tá an Rialachán reatha i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an chuideachta seo a leanas le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 arna ionadú le hIarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2131 ina bhfuil liosta de na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla:

Cuideachta	Cód breise TARIC
Fujian Dehua Longnan Ceramics Co., Ltd	899D

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN